

Scoil Naomh Aindriú



Plean Gaeilge

Tá sé tábhachtach go léitear an plean seo leis na polasaí eile.

Policy Ratified

2008

Réamhráiteas	3
Fís agus Aidhmeanna	3
Clár Ábhair	3
Tá an plean don Ghaeilge eagraithe faoi na ceannteidil seo a leanas:	
Pleanáil don Churaclam	
Curaclam na Gaeilge	3
• Cur Chuige Cumarsáideach	3
• Feidhmeanna Teanga	3
• Snáitheanna an Churaclaim	3
• Comhtháthú na Snáitheanna	4
• Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte	4
• Gaeilge Neamhfhoirmiúil (úsáid na Gaeilge i rith an lae).	5
Pleanáil Eagraíochta	5
• Pleanáil an Mhúinteora	5
• Aiseanna	5
• Éagsúlacht Cumais	5
• Comhtháthú le hÁbhair eile	6
• Measúnú	6
• Obair Bhaile	6
• Forbairt Foirne	6
• Tuismitheoirí agus an Ghaeilge	6
• Comhionannas	6
Cur i bhfeidhm	6
Rólanna agus freagracht	
Athbhreithniú	7
Rólanna agus freagracht	7
Spríodháta don athbhreithniú	7
Daingniú agus Cumarsáid	7

Réamhráiteas

Conas a cuireadh an plean le chéile agus cé bhí páirteach ann.

Chuir foireann na scoile an plean seo le chéile sa bhealach seo a leanas:

- Laethanta inseirbhíse
- Múinteoirí ag pleanáil i ngrúpaí ranga
- Comhordaitheoir an phlean
- Bord Bainistíochta
-

Cén fáth go bhfuil gá leis an bplean seo?

- Chun cabhrú linn an curaclam a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh leanúnachas ó rang go rang.
- Chun béim a chur ar fhorbairt chumas cumarsáide an pháiste.
- Chun an Ghaeilge a chur in iúl mar theanga atá beo agus úsáideach taobh amuigh den cheacht Gaeilge.

Fís agus Aidhmeanna

Fís – an plean i gcomhthéacs na scoile:

Ba mhaith linn:

- Dearcadh dearfach a chothú.
- Forbairt a dhéanamh ar an nGaeilge atá in úsáid sa scoil faoi láthair.
- Feasacht teanga agus cultúir a chothú, m.sh. frása na seachtaine, dalta na seachtaine, siopa Gaeilge, na tuismitheoirí a spreagadh chun páirt gníomhach a ghlacadh agus tacaíocht a thabhairt don scoil.

Aidhmeanna:

- Taitneamh a bhaint as fhoghlaim agus úsáid na Gaeilge.
- Gaeilge neamhfhoirmiúil a úsáid i rith an lae.
- Éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt i mbealach comhtháite.

Ábhar an Phlean

Curaclam na Gaeilge

Cur Chuige Cumarsáideach

- Is í príomhaidhm an phlean seo ná an Ghaeilge a bheith suimiúil agus taitneamhach do na daltaí agus go mbeidh fonn orthu í a úsáid go laethúil mar theanga chumarsáide atá beo, suimiúil agus fíor-úsáideach.

Feidhmeanna Teanga:

- An úsáid a bhaineann duine as teanga chun chuspóir cumarsáide éigin a bhaint amach.
- Taitneamh a bhaint as an teanga.
- Eolas a lorg agus a thabhairt.

Snáitheanna an Churaclaim:

- *Éisteacht:* Beidh na páistí ag éisteacht le Gaeilge go neamhfhoirmiúil agus go foirmiúil. Cloisfidh siad í á úsáid tríd síos an lae agus nuair atá siad i mbun oibre. Éistfidh siad le scéalta, amhráin, nuacht, dánta agus déanfaidh siad tascanna éisteachta, m.sh. éist agus tarraing (Aguisín 1).

- *Labhairt*: Beidh deis cainte ag na páistí sa cheacht Gaeilge (ag caint faoi na téamaí eagsúla, i rith caint na maidine, srl.) agus go neamhfhoirmiúil.
- *Léitheoireacht*: Tosaíonn an léitheoireacht go foirmiúil i rang a dó. Bíonn na páistí ag léamh téacsanna eagsúla: scéalta, sleachta sna téacsleabhair, dánta, rannta, srl. Baintear úsáid as pictiúir chun brí an téacs a léiriú (Aguisín 3).
- *Scríbhneoireacht*: Scríobhann na páistí nuacht pearsanta, frásaí, altanna, scéalta, litreacha, sna téacsleabhair, srl. (Aguisín 4).

Comhtháthú na Snáitheanna:

- Múinfeadh na snáitheanna i mbealach comhtháite. De bharr gur theanga í, tá sé fíorthábhachtach go mbíonn na ceithre snáitheanna fite fuaite i ngach ceacht agus go bhfuil an chumarsáid páirteach de gach ceacht. M.sh. éisteacht, labhairt agus léitheoireacht – téann siad le chéile nuair atá dán á léamh ós ard leis an rang iomlán.

Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte:

Téamaí

- Aimsir
- An Teilifís
- Ar Scoil
- Bia
- Caitheamh Aimsire
- Eadaí
- Mé Féin
- O cáidí Specialta
- Sa Bhaile
- Siopadóireacht

Straitéisí

- Obair ina n-aonar, i mbeirteanna nó i ngrúpaí
- Cluichí Teanga
- Tascanna agus Fadhbanna
- Drámaíocht
- Físeáin
- Scéalaíocht
- Filíocht (Rannta agus Dánta)
- Amhráin
- Rabhlóga
- Tomhais
- Seanfhocail

Modhanna Múinte:

- *An modh díreach*: pictiúir, póstaer, ábhar dílis a úsáid chun sainfhoclóir na dtéamaí don leibhéal a mhúineadh. Aithris agus athrá i gceist.
- *Modh na sraithe*: sraith abairtí le chéile i bhfoirm scéil a léiriú le pictiúir nó le gníomhartha, mar shampla, dánta a aithris, páirt a ghlacadh i sceitsí gearra.
- *Modh na lánfhreagartha gníomhaí*: gníomhartha fisiceacha a úsáid chun brí agus tuiscint na Gaeilge a léiriú, mar shampla, gníomhamhráin a chanadh, cluichí teanga, *Deir Ó Grádaigh, Éist agus Tarraing*.

- *An modh closlabhartha*: leas a bhaint as agallamh taifeadta, fiseán, cainteoir beo, mar shampla, éisteacht agus aimsiú/meaitseáil, éisteacht agus leanúint treoracha, gluaiseacht le ceol, meitithearmaíocht na léitheoireachta a chloisteáil.
- *An modh closamhairc*: leas a bhaint as pictiúir, ábhair dhílis mar straitéisí cúiteacha, mar shampla, focail a aithint ó leideanna a úsáid ó phictiúir, pictiúrleabhair, leabhair mhóra, cartúin, páipéir ghrinn, focalchártaí, frásachártaí, abairtchártaí, an múinteoir a fheiceáil ag scríobh (múnú).
- *Modh na ráite*: frásaí, nathanna beaga nó 'ráite' úsáideacha a mhúineadh, mar shampla, focail a scríobh ó chuimhne, frása na seachtaine agus seanfhocail.
- **Gaeilge Neamhfhoirmiúil**
- Ócáidí rialta i rith an lae: am lóin, am rolla, sa líne, am tionól, ag dul abhaile, srl.
- Frása na seachtaine a fhorbairt, a mhúineadh agus a úsáid.
- Prionta sa timpeallacht chun tacaíocht a thabhairt do na páistí agus iad ag úsáid Gaeilge go neamhfhoirmiúil.
- Frásaí do na múinteoirí Aguisín 5
- Frásaí do na paistí Aguisín 6
- Bainisteoireacht ranga Aguisín 7

Pleanáil Eagraíochta

Pleanáil an Mhúinteora:

- Leanann na múinteoirí na cinnteideal thuas agus iad ag pleanáil a gcuid ceachtanna. Scríobhann múinteoirí plean fadtéarmach, plean coicíse agus luann siad gach rud atá clúdaithe sa chuntas míosúil.

Áiseanna:

- Baintear úsáid as réimse leathan áiseanna. Mar gheall air sin, cruthófar spéis sa teanga agus beidh na daltaí ag baint taitnimh as an ábhar.
- Úsáidtear na háiseanna seo: póstaer, fíor earraí, luaschártaí, cláir teilifíse, téacsleabhair, an raidió, dlúthdhioscaí, pictiúir seachas téacs, puipéid, leabhair móra, cluichí teanga (m.sh. biongó), bréagáin, srl.

Éagsúlacht Cumais:

- Éisteacht/Léamh Scéalta – éist le scéal in ionad é a leamh
- Mím agus Drámaíocht – Geataísí/Drámaíocht/Pictiúr a dhéanamh chun míniú a thabhairt
- Dánta
- Amhráin
- Cluichí teanga
- Teanga simplí/teanga níos casta – níos lú obair bhaile a thabhairt m.sh. litriú amháin in ionad trí cinn a thabhairt d'obair bhaile
- Treoracha
- Ceisteanna
- Comhrá

Tá ar gach páiste Gaeilge a fhoghlaim ach ní fhoghlaimíonn páistí ó tíortha i gcéin Gaeilge (m.sh. páistí ó tíortha eile nach bhfuil Béarla mar a theanga dúchais acu). Tá dífólúine ón nGaeilge ag na páistí seo: Ciorclán 12/96.

Comhtháthú le hábhair eile

- Déanfar comhtháthú na Gaeilge le h-ábhair eile agus mar sin feicfidh na páistí go bhfuil Gaeilge ábharthach ar na saolta seo. Nuair a mhúintear Corpoideachas, is féidir linn na treoracha a thabhairt as Gaeilge: ‘Déanaigí ciorcal/cearnóg/triantán’, ‘Fanaigí socair’. Sa rang Matamaitic, bain úsáid as na huimhreacha as Gaeilge agus sna ranganna Ceoil agus Drámaíochta, bain úsáid as dánta agus rannta as Gaeilge. Tá na gníomhaíochtaí seo taitneamhach agus cloisfidh na páistí i bhfad níos mó Gaeilge tríd síos an lae.
- Mar shampla: Is féidir leis an múinteoir an finnscéal, Oisín i Tír na nÓg, a dhéanamh sa rang Gaeilge agus á dhéanamh mar chuid den cheacht Stair, Ceol agus Ealaín i mbealach comhtháite chun suim na bpáistí a spreagadh.

Measúnú

- Dírbhreatnú an mhúinteora
- Tascanna agus trialacha déanta ag an múinteoir
- Bailiúchán d’obair agus de thionscadail an pháiste
- Ag cur ceisteanna

Obair Bhaile

- | | |
|------------------------------|----------------------------------|
| • Litriú | Rang a dó go dtí rang a sé |
| • Léitheoireacht | Rang a trí go dtí rang a sé |
| • Rannta/Dánta agus Briathra | Rang a ceathair go dtí rang a sé |
| • Scríbhneoireacht | Rang a cúig go dtí rang a sé |

Forbairt Foirne

- Cúrsaí Samhraidh a dhéanamh
- Iarracht a dhéanamh idir múinteoirí a bheith ag caint as Gaeilge le chéile chun an foghraíocht ceart a chur in iúl do na páistí.
- Seachtain na Gaeilge – iarracht mór a dhéanamh chun Gaeilge a labhairt agus í a chur chun cinn.

Tuismitheoirí agus an Ghaeilge

- Obair bhaile oiriúnach a sheoladh abhaile do na páistí go léir.
- Míniú/treoracha a thabhairt - conas é a dhéanamh.

Comhionannas

- Bíonn an seans céanna ag gach dalta an Ghaeilge a fhoghlaim. Bíonn na múinteoirí cúramach leis na háiseanna a roghnaíonn siad agus na cinn a úsáideann siad sa seomra ranga.

Cur i bhfeidhm

Rólanna agus freagracht

Tá páirt tábhachtach ag múinteoirí na ranganna, an príomhoide agus an comhordaitheoir. Tá na múinteoirí go léir freagrach as an bplean a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus tuairisc a thabhairt air ionas go mbeidh sé éifeachtach. Tá na múinteoirí freagrach as spreagadh na bpáistí: tá an ról seo tábhachtach mar is féidir leis an múinteoir dearcadh dearfach a chruthú i leith na Gaeilge.

Athbhreithniú

Rólanna agus freagracht

Múinteoirí na Ranganna, an Príomhoide agus an Comhordaitheoir.

Spríocdháta don athbhreithniú

Féachaint tríd an bplean go rialta agus é a athbhreithniú.

Daingniú agus Cumarsáid

An plan a bheith ar fáil in oifig na scoile. Cóip a dhéanamh den phlean agus ceann a thabhairt do gach múinteoir sa scoil. Beidh sé ar fáil ar suíomh na scoile freisin.